**2 liosta ranga ag teastáil**

# Scríobh Leabhar Rialacha

Blackrock Education Centre
Ionad Oideachais na Carraige Duibhe

**Pléifear le ranganna measctha mar ghrúpa amháin**

**LIPÉAD TAOBH ISTIGH DE CHLÚDACH CÚIL AN LEABHAIR**

**Leabhair ranga AR FAD as Gaeilge nó as Béarla. Ní ghlacfar le beartanna measctha**

---

1. **Foirm Iarratais/Chláraithe** agus táille le cur chuig an Ionad Oideachais. Táille: €20 an rang, uasmhéid €90 don scoil. (Má bhíonn do scoil lonnaithe i gceantar faoi mhíbhuntáiste agus cothaíonn an táille seo fadhb ar bith déan teagmháil linn, le do thoil).

2. Caithfear an beart leabhar ranga a bheith go hiomlán as Gaeilge nó as Béarla, áfach; **NÍ FÉIDIR LINN GLACADH LE BEARTANNA MEASCTHA.**

3. Is gá na lipéid **oifigiúla** leis an eolas cuí **ar fad** a ghreamú go daingean taobh istigh de chlúdach cúil gach leabhar.

4. **Tá dhá liosta leabhair ranga ag teastáil**. Is gá liosta a chur ar fáil le gach seit leabhar, le líon iomlán na leabhar scríofa go soiléir ar bharr. Déan an liosta a sheiceáil, le do thoil, agus cinntigh nach bhfuil aon leabhar liostáilte nach bhfuil sa bhosca/mhála, mar cothaíonn botúin mar seo fadhbanna móra riaracháin. Is gá cóip den liosta a ghreamú leis an mbosca/mála **chomh maith**.

5. Fanfaidh leabhair atá scríofa ag páistí le riachtanais speisialta oideachais leis na leabhair eile ón rang sin. I gcás leabhair atá déanta le próiseálaí focal / ríomhaire, caithfidh an múinteoir dearbhú le síniú gur obair an pháiste féin atá ann. Ní ceadaítear leabhair atá ceangailte ag comhlacht proifisiúnta a chur isteach don tionscnamh. Má mheasann an múinteoir gur cheart aird faoi leith a thabhairt do leabhar éigin, ba chóir é seo a chur in iúl ar an liosta leabhair ranga.

6. Chun páirt a ghlacadh sa tionscnamh, iarraimid ar **gach múinteoir a bhíonn páirteach seit leabhar amháin a léamh.** Gheobhaidh múinteoirí a chuireann beart leabhar Gaeilge ar fáil beart eile as Gaeilge le léamh. **Ní ceart go mbeadh aon bhaint ag na páistí le moltóireacht a dhéanamh ar na leabhair**, ach cinnte tá lán chead acu iad a fheiceáil agus a léamh. Is féidir an seit a thabhairt ar ais chuig an Ionad chomh luath agus a bhfuil siad léite. **Tá na spriochdhata chun na leabhair a thabhairt ar ais ar fail ar an nuachtlitir agus ar www.writeabook.ie**

7. Gheobhaidh gach rang a ghlacann páirt sa tionscnamh Duais Speisialta (Dámhachtain Fiúntais). Pléifear le ranganna measctha mar aonad amháin. Gheobhaidh gach páiste a ghlacann páirt sa Tionscnamh le Leabhar a Scríobh teastas rannpháirtíochta.